Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2025
(OR. en)

10866/25

LIMITE

CORLX 678
CFSP/PESC 1009
MOG 73

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine |

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES[1].

(2) I gcomhréir le hAirteagal 26(1) agus (3) de Chinneadh 2010/413/CBES, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Chinn an Chomhairle gur cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES a bhaint den Iarscríbhinn sin. Ba cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine agus gach eintitis eile atá ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES a choimeád ar bun, sa mhéid nach luaitear a n-ainmneacha in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCinneadh sin agus ba cheart 45 iontráil a áirítear in Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/413/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/413/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal 'A. Daoine':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '8. | Ebrahim MAHMUDZADEH | Dáta breithe: 2.4.1955<br><br>Feidhm: ollamh ag Ollscoil Malek Ashtar; Cathaoirleach Bhord Chuideachta Teileachumarsáide na hIaráine<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Is ollamh é Ebrahim Mahmudzadeh in Malek Ashtar University (Ollscoil Malek Ashtar) atá liostaithe ag an Aontas, faoi réir Ionad Taighde um Theicneolaíocht Cosanta agus Eolaíocht (DTSRC) atá liostaithe ag an Aontas, a thacaíonn le Ministry of Defense for Armed Forces Logistics (Aireacht Cosanta na hIaráine um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha) (MODAFL) le seirbhísí taighde agus forbartha (T&F).<br><br>Tá baint ag baill dáimhe Ollscoil Malek Ashtar le taighde maidir le diúracáin agus cumhacht núicléach agus ar an gcaoi sin cuireann siad tacaíocht taighde agus forbartha ar fáil do Rialtas na hIaráine.<br><br>Tá Ebrahim Mahmudzadeh ina Chathaoirleach freisin ar Bhord Chuideachta Teileachumarsáide na hIaráine, atá faoi rialú páirteach Islamic Revolutionary Guard Corps (Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí) (IRGC) atá liostaithe ag an Aontas.<br><br>Dá bhrí sin, tugann Ebrahim Mahmudzadeh tacaíocht do Rialtas na hIaráine. | 23.6.2008 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 27. | Kamran DANESHJOO (ar a dtugtar freisin DANESHJOU) | Feidhm: Ollamh ag Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta na hIaráine<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Ollamh ag Iran University of Science and Technology (Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta na hIaráine). Iar-Aire Eolaíochta, Taighde agus Teicneolaíochta. Mar bhainisteoir tionscadail ar an 111ú cuid den AMAD Plan, thug sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire na hIaráine. | 1.12.2011 |
| 29. | Milad JAFARI (Milad JAFERI) | Dáta breithe: 20.9.1974<br><br>Áit bhreithe: An Iaráin<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Shahid Hemmat Industries Group (SHIG); MACPAR Makina San Ve Tic; Multimat lc ve Dis Ticaret Pazarlama Limited Sirketi; STEP Standart Teknik Parca San ve TIC A.S. | Náisiúnach Iaránach a sholáthraíonn earraí, miotail den chuid is mó, do chuideachtaí caocha de chuid Shahid Hemmat Industries Group (SHIG), atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach. | 1.12.2011 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 32. | Majid KHANSARI | Dáta breithe: 1972<br><br>Áit bhreithe: Khomeini Shahr, an Iaráin<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Tá ról tábhachtach ag Majid Khansari i gclár núicléach na hIaráine. Tá sé ina iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar shuíomh núicléach Natanz, chomh maith leis an monaróir lártheifneoirí Kalaye Electric Company (KEC) atá liostaithe ag an Aontas.<br><br>Mar shaineolaí i réimse an bhainistithe núicléach, leanann sé dá thuairim a roinnt maidir le clár núicléach na hIaráine agus de thionchar a imirt ar an díospóireacht náisiúnta maidir leis an gclár sin.<br><br>Dá bhrí sin, tá baint ag Majid Khansari le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó balaistíoch na hIaráine. | 1.12.2011 |
| 40. | Hamid SOLTANI | Feidhm: Stiúrthóir Bainistíochta na Cuideachta Bainistíochta um Fhoirgníocht Gléasra Cumhachta Núicléiche (MASNA)<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Is é Hamid Soltani Stiúrthóir Bainistíochta Management Company for Nuclear Power Plant Construction (an Chuideachta Bainistíochta um Fhoirgníocht Gléasra Cumhachta Núicléiche) (MASNA).<br><br>Ina cháil sin, bhí baint aige le gníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire nó le forbairt córas seachadta arm núicléach na hIaráine. | 1.12.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 42. | Javad AL YASIN | Feidhm: Ceann Research Centre for Explosion and Impact<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Ceann Research Centre for Explosion and Impact, ar a dtugtar METFAZ freisin. | 1.12.2011 |
| 53. | Fereidoun ABASSI-DAVANI<br><br>(فریدون عباسی دوانی)<br><br>(ar a dtugtar freisin: Fereydoon ABASSI-DAVANI; Fereidun ABASSI-DAVANI; Fereydoun ABASSI-DAVANI; Fereidoon ABASSI-DAVANI; Fereidoun ABBASI-DAVANI) | Feidhm: eolaí núicléach sinsearach<br><br>Dáta breithe: 11.7.1958<br><br>Áit bhreithe: Abadan, an Iaráin<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Is iar-eolaí sinsearach de chuid na hAireachta Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) é Fereidoun Abassi-Davani, iar-Cheann Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI) agus iarfheisire de Pharlaimint na hIaráine. Is eolaí núicléach sinsearach é agus tá sé cleamhnaithe le Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). I bhfianaise na ról ardleibhéil a bhí aige roimhe seo i rialtas na hIaráine agus a ról mar fheisire de Pharlaimint na hIaráine chomh maith lena ghníomhaíochtaí eolaíocha, tá Fereidoun Abassi-Davani ag tabhairt tacaíochta do Rialtas na hIaráine agus bhí baint dhíreach aige le gníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire na hIaráine. | 17.10.2023<br><br>(NA: 24.3.2007)'; |

(2) faoin gceannteideal ‘I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal ‘B. Eintitis’:

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘1. | Aerospace Industries Organisation (AIO) | Seoladh 1: AIO, 28 Shian 5, Lavizan, Tehran, an Iaráin<br>Seoladh 2: Langare Street, Nobonyad Square, Tehran, an Iaráin<br>Eintitis chomhlachaithe: an Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) | Is fochuideachta í Aerospace Industries Organisation (AIO) d’Aireacht Cosanta na hIaráine um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) atá liostaithe ag an Aontas agus atá i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar chlár diúracán balaistíoch na hIaráine.<br>Déanann sí maoirseacht ar roinnt fochuideachtaí a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirteanna éagsúla den chlár diúracán balaistíoch a tháirgeadh nó a sholáthar.<br>Dá bhrí sin, tugann Aerospace Industries Organisation (AIO) tacaíocht do Rialtas na hIaráine. | 23.4.2007 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 26. | Marine Industries (ar a dtugtar freisin Marine Industries Organisation (MIO), Marine Industries Group (MIG)) | Seoladh: Pasdaran Ave., PO Box 19585/ 777, Tehran, an Iaráin<br><br>Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin<br><br>Dáta clárúcháin: 1996<br><br>Príomhionad gnó: an Iaráin<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Defense Industries Organisation (DIO); an Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) | Is fochuideachta é Marine Industries de Defence Industries Organisation (DIO) atá liostaithe ag an Aontas, ar fochuideachta é d'Aireacht Cosanta na hIaráine um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) atá liostaithe ag an Aontas.<br><br>Tá baint ag Marine Industries leis an ngné mhuirí de chlár diúracán na hIaráine, lena n-áirítear trí longa a thógáil ar féidir leo diúracáin ionsaitheacha a iompar agus a sheoladh.<br><br>Dá bhrí sin, is eintiteas é Marine Industries a bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus is eintiteas é a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine. | 23.4.2007 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 32. | Parto Sanat Co<br>(ar a dtugtar freisin Parto Sanaat Co.; Parto Sanat Company; Partonsanat; Partosanat Co. ; Partosanat PJSC; Yakan Parto ; Bargh Va Electronic Partosanat) | Seoladh: No. 2417 Valiasr St., corner of 14th St., PO Box 15178 43316, Tehran, an Iaráin | Monaróir athróirí minicíochta atá in ann athróirí minicíochta eachtracha allmhairithe a fhorbairt agus a mhodhnú ar bhealach a fhágann gur féidir iad a úsáid i saibhriú lártheifneoirí gáis. Meastar go bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí leata núicléach. | 26.7.2010 |
| 35. | Raka | Eintiteas comhlachaithe: Cuideachta Leictreachais Kalaye (KEC) | Is roinn é Raka de Chuideachta Leictreachais Kalaye (KEC) atá liostaithe ag an Aontas. Bunaíodh é i ndeireadh 2006 agus is é a bhí freagrach as an stáisiún saibhrithe úráiniam a thógáil in Fordow (Qom). | 26.7.2010 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 41. | Technology Cooperation Office (TCO) of the Iranian President's Office (Oifig um Chomhar Teicneolaíochta d'Oifig Uachtarán na hIaráine) (ar a dtugtar freisin Center for Innovation and Technology Cooperation (CITC) (an Lárionad um Chomhar sa Nuálaíocht agus sa Teicneolaíocht); Presidential Center for Cooperation on Transformation and Progress) (Lárionad an Uachtaráin um Chomhar maidir le Claochlú agus Dul Chun Cinn) | Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin | Feidhmíonn Technology Cooperation Office (TCO) of the Iranian President's Office (Oifig um Chomhar Teicneolaíochta d'Oifig Uachtarán na hIaráine) i réimsí an taighde, na biteicneolaíochta, na nanaitheicneolaíochta, an fhuinnimh in-athnuaite agus na teicneolaíochta faisnéise.<br><br>Is in 2001 a cuireadh tús lena cuid gníomhaíochtaí nuair a cuireadh an phleanáil straitéiseach de dhualgas uirthi chomh maith le gníomhaíochtaí forbartha na hIaráine don nanaitheicneolaíocht a chomhordú. Is cuid d'Oifig an Uachtaráin í agus is í Oifig an Uachtaráin a dhéanann maoirseacht uirthi. Feidhmíonn sí mar mhol sa réimse sin mar aon le comhordaitheoir agus éascaitheoir nasc agus comhair. Coinníonn sí naisc leis an bpobal idirnáisiúnta, líonraí idir saotharlanna tíre, maoiníonn sí eolaithe na hIaráine, agus bíonn sí i mbun teagaisc.<br><br>Ina theannta sin, faoina hailias, an Lárionad um Chomhar sa Nuálaíocht agus sa Teicneolaíocht (CITC), tá sí ina cuid de chóras idir-rannach ina bhfuil CITC, Aireacht Faisnéise na hIaráine agus Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) faoi cheannas díreach Uachtarán na hIaráine. Chuaigh daoine aonair a bhfuil baint acu le CITC, ag gníomhú dóibh mar ionadaithe oifigiúla na hIaráine thar lear, i mbun feidhmeanna rúnda na n-oifigeach faisnéise eolaíche agus teicniúla freisin.<br><br>Tá sí freagrach as dul chun cinn teicneolaíoch na hIaráine trí naisc soláthair eachtraigh agus oiliúna ábhartha. Tugann sí tacaíocht do Rialtas na hIaráine. | 26.7.2010 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 42. | Yeganeh Energy Sazan Atrak Part (ar a dtugtaí Yasa Part tráth) agus na fochuideachtaí seo a leanas: | Seoladh: Ground Floor - Building 0 – Maharat 3 Alley - Maharat Street - Bidak Industrial Area - Badranlu Rural District - Central District - Bojnord City - Northern Khorasan Province, an Iaráin Cód Poist: 9418156318<br><br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic príobháideach<br><br>Áit chlárúcháin: Bojnord - North Khorasan Province, an Iaráin<br><br>Uimhir chlárúcháin: 5219 | Cuideachta a bhíonn ag plé le gníomhaíochtaí soláthair a bhaineann le hábhair agus teicneolaíochtaí a cheannach is gá le haghaidh cláir núicléacha agus bhalaistíocha. | 26.7.2010 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| (a) | Arfa Paint Company (ar a dtugtar freisin ARFA; Arfa Company) | Seoladh 1: Unit 5, 9th floor, Sarve Tower, Saadat Abad, Tehran, an Iaráin<br>Seoladh 2: 16th km Karaj Special Road, Tehran, an Iaráin | Ag gníomhú thar ceann Yasa Part. | 26.7.2010 |
| (b) | Arfeh Company | Seoladh: West Lavasani, Tehran, an Iaráin | Ag gníomhú thar ceann Yasa Part. | 26.7.2010 |
| (d) | Hosseini Nejad Trading Co. (ar a dtugtar freisin Hosseini Nejad Trading Company) | | Ag gníomhú thar ceann Yasa Part. | 26.7.2010 |
| (e) | Iran Saffron Company (ar a dtugtar freisin Iransaffron Co.; Iran Safron; Iran Saffron; Iran Saffron Co.) | | Ag gníomhú thar ceann Yasa Part. | 26.7.2010 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 57. | Hirbod Co<br><br>(ar a dtugtar freisin HIRBOD Company) | Seoladh 1: Hirbod Co – Flat 2, 3 Second Street, Asad Abadi Avenue, Tehran 14316, an Iaráin<br><br>Seoladh 2 (monarcha): Tehran-Saveh Highway, km 80, Mamounieh Industrial Town, at the end of 8th Street, Asad Abadi Tehran, an Iaráin<br><br>Dáta clárúcháin: 1995<br><br>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Cuideachta Leictreachais Kalaye (KEC) | Tá Hirbod Co ar cheann de na cuideachtaí is mó le rá i réimse na dtáirgí cruach dhosmálta. Soláthraíonn sé táirgí cruach, lena n-áirítear i ngaireas slándála agus míleata, do go leor eintiteas de chuid na hIaráine, go háirithe Arthesh, arm na hIaráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Hirbod Co ag tacú le Rialtas na hIaráine agus tugann sé tacaíocht dó agus airm núicléacha agus córais seachadta arm núicléach á bhforbairt aige. | 23.5.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 60. | Paya Parto (ar a dtugtar freisin Paya Partov; National Centre for Laser Science and Technology (an Lárionad Náisiúnta um Eolaíocht agus Teicneolaíocht Léasair)) | | Is eintiteas é Paya Parto a dhéanann taighde ar dheighilt iseatóp cobhsaí, ar paraiméadar ríthábhachtach é chun comhpháirteanna lártheifneora a tháirgeadh, mar chuid de chlár núicléach na hIaráine. Tá dlúthbhaint aige le Atomic Energy Organisation of Iran (AEOI), a reáchtálann clár núicléach na hIaráine agus a dhéanann maoirseacht ar thionscadail aonair. Dá bhrí sin, tá Paya Parto freagrach as tacú le gníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire na hIaráine. | 23.5.2011 |
| 62. | Taghtiran<br>(ar a dtugtar freisin Taghtiran Kashan Company) | Seoladh: Unit 2, No. 3, 2nd Alley, Asad Abadi St., Vali-e asr St., 14316 Tehran, an Iaráin<br>Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin<br>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin<br>Eintitis chomhlachaithe: Defense Industries Organization (DIO) | Monaraíonn Taghtiran páirteanna cruach dhosmálta agus cruach carbóin d'eintitis éagsúla, lena n-áirítear na tionscail slándála agus cosanta, mar shampla Defense Industries Organization (DIO) agus saoráidí núicléacha, mar shampla, an tsaoráid tiontaithe úráiniam. | 23.5.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 71. | Institute of Applied Physics (Institiúid na Fisice Feidhmí) (IAP) | Eintitis chomhlachaithe: Organisation of Defensive Innovation and Research (SPND); an Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha) (MODAFL) | Cuireann the Institute of Applied Physics (Institiúid na Fisice Feidhmí) taighde agus forbairt ar fáil do chlár núicléach na hIaráine. Tá comhpháirtíochtaí tionscadail aici le Organisation of Defensive Innovation and Research (SPND) atá liostaithe ag an Aontas, ar fochuideachta í den Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) atá liostaithe ag an Aontas agus atá ag obair chun arm a dhéanamh den chlár núicléach, clár atá faoi údarás Fhoireann Ghinearálta na bhFórsaí Armtha.<br><br>Tá baint ag Institiúid na Fisice Feidhmí dá bhrí sin le clár núicléach na hIaráine agus le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch na hIaráine. | 23.5.2011 |
| 77. | Shahid Beheshti University | Seoladh 1: Daneshju Blvd., Yaman St., Chamran Blvd., P.O. Box 19839-63113, Tehran, an Iaráin<br><br>Seoladh 2: Shahid Shahriari Square, Evin, P.O. Box 19839-6311369411, Tehran, an Iaráin | Is eintiteas poiblí é Shahid Beheshti University atá faoi mhaoirseacht Ministry of Science, Research and Technology (an Aireacht Eolaíochta, Taighde agus Teicneolaíochta). Bíonn sé i mbun taighde eolaíoch a bhaineann le hairm núicléacha a fhorbairt. | 23.5.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 81. | Eyvaz Technic<br>(ar a dtugtar freisin Azarsam Instrument Company) | Seoladh 1: No 3, Building 3, Shahid Hamid Sadigh Alley, Shariati Street, Tehran, an Iaráin<br>Seoladh 2: Tehran Province, Tehran, Kooy-e-Mehrzad, Kooy-e-Mehrzad,, M78Q+V2R, an Iaráin<br>Eintitis chomhlachaithe: Cuideachta Leictreachais Kalaye (KEC) | Táirgeoir folústrealaimh a sholáthraíonn na láithreáin saibhrithe úráiniam in Natanz agus Qom/Fordow. In 2011, sholáthair sé trasduchtóirí brú do Kalaye Electric Company (Cuideachta Leictreachais Kayale) (KEC), cuideachta atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach. | 1.12.2011 |
| 83. | Ghani Sazi Uranium Company<br>(ar a dtugtar freisin Iran Uranium Enrichment Company; Sherkat-e Ghanisazi-ye Uranium) | Seoladh: 3, Qarqavol Close, 20th Street, Tehran, an Iaráin<br>Eintitis chomhlachaithe: Cuideachta Leictreachais Kalaye (KEC); Cuideachta um Theicneolaíocht Lártheifneora na hIaráine) | Tá conarthaí táirgeachta ag Ghani Sazi Uranium Company le Cuideachta Leictreachais Kalaye (KEC), cuideachta atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach, agus le Iran Centrifuge Technology Company (Cuideachta um Theicneolaíocht Lártheifneora na hIaráine), atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach. | 1.12.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 86. | Karanir (ar a dtugtar freisin Karanir Sanat, Moaser; Tajhiz Sanat; Karanir Sanat Co; Moshever Sanat Moaser; TSI; Tajis Sanat; Tajhis Sanat Industries) | Seoladh 1: 1139/1 Unit 104 Gol Building, Gol Alley, North Side of Sae, Vali Asr Avenue. PO Box 19395-6439, Tehran, an Iaráin<br><br>Seoladh 2: Beheshti St., Sabonuchi St., Adaee Alley, No. 2 ,Unit 301, Tehran, an Iaráin | Bhí baint ag Karanir le trealamh agus ábhair a cheannach a bhfuil feidhmeanna díreacha acu i gclár núicléach na hIaráine. | 1.12.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 87. | Khala Afarin Pars (ar a dtugtar freisin PISHRO KHALA AFARIN COMPANY; Vacuum Afarin, Pars Vacuum Company) | Seoladh 1: Unit 5, 2nd Floor, No 75, Mehran Afrand St, Sattarkhan St, Tehran.<br>Seoladh 2: No. 94, 4th Floor, Unit 16, Bagherkhan St., Sattarkhan St., Tehran, an Iaráin | Tá baint ag an gcuideachta le trealamh agus ábhair a cheannach a bhfuil feidhmeanna díreacha acu i gclár núicléach na hIaráine. | 1.12.2011 |
| 88. | MACPAR Makina San Ve Tic | Seoladh: Istasyon MH, Sehitler cad, Guldeniz Sit, Number 79/2, Tuzla 34930, Iostanbúl, an Tuirc<br>Duine aonair comhlachaithe: Milad Jafari | Is cuideachta í faoi stiúir Milad Jafari atá liostaithe ag an Aontas Eorpach agus a sholáthair earraí, miotail den chuid is mó, do Shahid Hemmat Industries Group (SHIG) trí chuideachtaí caocha. | 1.12.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 89. | MATSA (Mohandesi Toseh Sokht Atomi Company<br><br>(ar a dtugtar freisin Mohandesi Toseh Sanayeh Atomi (METSA)) | Seoladh: 90, Fathi Shaghaghi Street, Tehran, an Iaráin.<br><br>Uimhir chlárúcháin: 2833278<br><br>Uimhir cárta aitheantais náisiúnta: 10103191030<br><br>Daoine aonair comhlachaithe: Mohammad Mohammadi (Stiúrthóir Bainistíochta)<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Cuideachta Leictreachais Kalaye (KEC) | Is cuideachta Iaránach í MATSA (Mohandesi Toseh Sokht Atomi Company) atá faoi chonradh ag Cuideachta Leictreachais Kalaye (KEC), cuideachta atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach, chun seirbhísí deartha agus innealtóireachta a sholáthar ó cheann ceann an timthrialla breosla núicléach. Tá trealamh curtha ar fáil aici don láithreán saibhrithe úráiniam in Natanz. | 1.12.2011 |
| 90. | Mobin Sanjesh<br><br>(ar a dtugtar freisin Fakoor International Tehran Engineering Company (FITCO)) | Seoladh: Entry 3, No 11, 12th Street, Miremad Alley, Abbas Abad, Tehran, an Iaráin | Glacann Mobin Sanjesh páirt dhíreach i ngníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire na hIaráine. Cuireann sí earraí agus seirbhísí ar fáil do chórais mhaighnéadacha a bhfuil feidhm dhíreach acu i dtionscal timthrialla breosla núicléach na hIaráine, mar shampla calabrú mais-speictriméadar. | 1.12.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 91. | Multimat lc ve Dis Ticaret Pazarlama Limited Sirketi<br><br>(ar a dtugtar freisin MULTIMAT IC VE DIS TIC. PAZ. LTD. STI.; MULTIMAT IC VE DIS TICARET PAZARLAMA LIMITED SIRKETI; MULTIMAT IMPORT AND EXPORT; MULTIMAT LTD.; MULTIMAT TEHRAN; MULTIMAT TRADING COMPANY) | Seoladh: Guvendik Mahallesi 132/1 Sokak, Izmir, an Tuirc<br><br>Áit chlárúcháin: Izmir, an Tuirc<br><br>Dáta clárúcháin: 30.12.1996<br><br>Duine aonair comhlachaithe: Milad Jafari<br><br>Eintiteas comhlachaithe: Shahid Hemmat Industries Group (SHIG) | Is cuideachta í faoi stiúir Milad Jafari, atá liostaithe ag an Aontas agus a sholáthair earraí, miotail den chuid is mó, do Shahid Hemmat Industries Group (SHIG) trí chuideachtaí caocha. | 1.12.2011 |
| 94. | Saman Tose'e Asia (SATA) | Seoladh: 4th Unit, 51 Sane'e St., N.W. of Jahan Kudak, Africa Blvd., Tehran, an Iaráin 19699-35145 | Gnólacht innealtóireachta a bhfuil baint aige le tacaíocht a thabhairt do raon tionscadal tionsclaíoch ar mhórscála lena n-áirítear clár saibhrithe úráiniam na hIaráine, lena n-áirítear obair neamhdhearbhaithe ag an suíomh saibhrithe úráiniam in Qom/Fordow. | 1.12.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 97. | STEP Standart Teknik Parca San ve TIC A.S.<br><br>(ar a dtugtar freisin SSTP, Step Standard Technical Components Industry and Trading Corporation, Step Corporation, Step Standart Teknik Parca Sanayi Ve Ticaret A.S., Step AS, Step Company, Stap Standart Tek Par San Tic AS, Step Standart Teknyk, Parca San. Ve Tyc. A.S., STEP Standart Teknik Parca San. ve Tic. A.S., Step Standart Teknik Parca Sanayi ve Ticaret Anonim Sirketi, Step A.S., Step S.A., Step Istanbul, Standart Teknik Parca San Ve Tic A.S., Standart Teknik Parca San. Ve Ticaret A.S., Standard Technical Component Industry and Trade Company, Step Standart Teknik Parca San Ve Tic As, Step Istanbul/Standart Teknik Parca San. Ve Tic. A.S.) | Seoladh: 79/2 Tuzla, 34940, Iostanbúl, an Tuirc<br><br>Duine aonair comhlachaithe: Milad Jafari<br><br>Eintiteas comhlachaithe: Shahid Hemmat Industries Group (SHIG) | Is cuideachta í faoi stiúir Milad Jafari a sholáthair earraí, miotail den chuid is mó, do Shahid Hemmat Industries Group (SHIG) trí chuideachtaí caocha. | 1.12.2011 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 101. | Tosse Silooha (ar a dtugtar freisin Tosseh Jahad E Silo; Tosee Siloha) | Seoladh: NO.3. 50th st. , Kalantari sq., Seyed Jamaleddin Asadabadi Ave. (Yousefabad), Tehran, an Iaráin | Is cuideachta é Tosse Silooha a bhfuil baint aici le gníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire na hIaráine. Tá baint aici le déanamh comhpháirteanna le haghaidh gléasraí cumhachta núicléiche mar shampla túir fuaraithe, agus simléir thionsclaíocha. Tá an chuideachta ag tacú freisin le rialtas na hIaráine. | 1.12.2011 |
| 102. | Yarsanat (ar a dtugtar freisin Yar Sanat; Yarestan Vacuumi; Zist Yar Sanat; Yar Sanat Co) | Seoladh 1: No. 101, West Zardosht Street, 3rd Floor, 14157 Tehran, an Iaráin<br><br>Seoladh 2: No. 139 Hoveyzeh Street, 15337, Tehran, an Iaráin<br><br>Seoladh 3: 15, Fatemi Eshragi Alley, Gerda Afrid Building, science and Technology Park, Tarbiat Modares University, S.S 2 – Development Center, 4th Floor, Tehran, an Iaráin<br><br>Príomhionad gnó: an Iaráin<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Cuideachta Leictreachais Kalaye (KEC) | Is cuideachta soláthair í do Chuideachta Leictreachais Kalaye (KEC), atá liostaithe ag an Aontas Eorpach. Tá baint aici le trealamh agus ábhair a cheannach a bhfuil feidhmeanna díreacha acu i gclár núicléach na hIaráine, mar shampla ionstraimí le haghaidh saibhriú úráiniam. | 1.12.2011 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 106. | Tidewater<br>(ar a dtugtar freisin Tidewater Middle East Co; Tide Water Khavarmianeh ) | Seoladh poist: No. 84, Vozara St., Tehran, an Iaráin<br><br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic phoiblí<br><br>Áit chlárúcháin: Tehran, an Iaráin<br><br>Uimhir chlárúcháin: 12341<br><br>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin | Faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). | 23.1.2012 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 148. | Iran Composites Institute (Institiúid na hIaráine um Ábhair Chomhchodacha) (ar a dtugtar freisin Composites Research Laboratory (CRL)) | Iran Composites Institute, Iranian University of Science and Technology, 16845-188, Tehran, an Iaráin,<br><br>Uimhir theileafóin: 98 217 3912858<br><br>Facs: 98 217 7491206<br><br>Seoladh ríomhphoist: mailto:ici@iust.ac.ir<br><br>Suíomh gréasáin: http://www.irancomposites.org<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Ollscoil Malek Ashtar; Cuideachta um Theicneolaíocht Lártheifneora na hIaráine (ar a dtugtar freisin TESA) | Is lárionad taighde agus forbartha i réimse na n-ábhar comhchodach agus na struchtúr í Iran Composites Institute (Institiúid na hIaráine um Ábhair Chomhchodacha).<br><br>Bunaíodh é i gcomhar le Iran University of Science and Technology (IUST) agus tá sé mar chuid di i gcónaí. Trína cuid taighde, bíonn baint ag IUST i gclár núicléach na hIaráine. Tá sé nasctha le roinnt institiúidí acadúla Iaránacha, lena n-áirítear Ollscoil Malek Ashtar atá liostaithe ag an Aontas Eorpach agus nasctha leis an Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL), atá liostaithe ag an Aontas.<br><br>Roimh seo, bhí ceangal conartha ar Institiúid na hIaráine um Ábhair Chomhchodacha rótair lártheifneoirí IR-2M a sholáthar do Chuideachta um Theicneolaíocht Lártheifneora na hIaráine (ar a dtugtar freisin TESA), eintiteas atá liostaithe ag an Aontas Eorpach.<br><br>Dá bhrí sin, tá Institiúid na hIaráine um Ábhair Chomhchodacha ag tacú le rialtas na hIaráine agus le heintitis atá faoina úinéireacht nó faoina rialú. | 22.12.2012 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 151. | Simatec Development Company | | Tá Simatec Development Company ag cuidiú le heintitis atá ainmnithe forálacha smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh ar an Iaráin a shárú agus tá sé ag tacú go díreach le gníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire na hIaráine. | 22.12.2012 |
| 153. | Organisation of Defensive Innovation and Research (SPND) | Seoladh: Negarestan 3, off Pasdaran Street, Tehran, an Iaráin<br>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin<br>Eintitis chomhlachaithe: an Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) | Tacaíonn Organisation of Defensive Innovation and Research (SPND) go díreach le gníomhaíochtaí núicléacha leathadh-íogaire na hIaráine. D'aithin IAEA SPND agus is ábhair imní do IAEA na gnéithe míleata a d'fhéadfadh a bheith ag baint le clár núicléach na hIaráine. Is é Mohsen Fakhrizadeh-Mahabadi, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, a bhí ag reáchtáil SPND, ar cuid é den Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) agus atá ainmnithe ag an Aontas. | 22.12.2012 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 161. | Sharif University of Technology | An seoladh deiridh aige is eol dúinn: Azadi Ave/Street, PO Box 11365-11155, Tehran, an Iaráin<br><br>Teil. + 98 21 66 161<br><br>Seoladh ríomhphoist: info@sharif.ir<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Aerospace Industries Organization (AIO); Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí | Is í Sharif University of Technology lárstóras na hIaráine um thaighde núicléach agus tá sí bunaithe in Tehran.<br><br>A mhéid a bhaineann le táirgeadh diúracán balaistíoch agus taighde fúthu, téann sí i gcomhar le Aerospace Industries Organization (AIO), atá liostaithe ag an Aontas agus a dhéanann maoirseacht ar chlár diúracán balaistíoch na hIaráine thar ceann na hAireachta Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL). Ina theannta sin, téann sí i gcomhar le Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus tacaíonn sí lena chuid iarrachtaí soláthair, i measc gníomhaíochtaí eile.<br><br>I dteannta a chéile, léirítear leis an méid sin rannpháirtíocht shuntasach le Rialtas na hIaráine i réimsí míleata nó i réimsí a bhaineann le cúrsaí míleata arb ionann iad agus tacaíocht do Rialtas na hIaráine. | 8.11.2014'; |

PUBLIC

(3) scriostar iontráil 25 (a bhaineann le Mohammad Reza ZAHEDI) ón liosta dar teideal ‘II. Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC)’, faoin bhfo-cheannteideal ‘A. Daoine’;

(4) faoin gceannteideal ‘II. Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC)’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal ‘A. Daoine’:

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘2. | Ali FADAVI | Dáta breithe: 13.3.1961<br><br>Áit bhreithe: Ardestan, an Iaráin<br><br>Feidhm: Leas-Cheannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC)<br><br>Céim: Seachaimiréal<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Is é an Seachaimiréal Ali Fadavi Leas-Cheannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) agus bhí sé ina Cheannasaí gníomhach IRGC go sealadach. Is é iarCheannasaí Chabhlach IRGC. | 26.7.2010 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 3. | Parviz FATAH | Dáta breithe: 1961<br><br>Áit bhreithe: Anzal, West Azerbaijan Province, an Iaráin<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Uimhir an phas: 6379886494 | Is é Parviz Fatah Ceann Execution of Imam Khomeini's Order (EIKO) (Forghníomhú Ord Imam Khomeini) agus is iarchomhalta é de Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC).<br><br>Is ilchuideachta eacnamaíoch é EIKO atá faoi mhaoirseacht dhíreach an Cheannaire Uachtaraigh. Meastar go bhfuil breis is leath de gheilleagar na hIaráine faoi rialú EIKO, in éineacht le dhá eagraíocht eile.<br><br>Dá bhrí sin, tugann Parviz Fatah tacaíocht do rialtas na hIaráine. | 26.7.2010 |
| 5. | Ali HOSEYNITASH | Céim: Briogáidire-Ghinearál<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Tá an Briogáidire-Ghinearál Ali Hoseynitash de Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) ina Cheann ar Stiúrthóireacht Straitéiseach Supreme National Security Council (Ardchomhairle Slándála Náisiúnta) ó ceapadh in 2013 é.<br><br>Déanann an Ardchomhairle Slándála Náisiúnta beartais chosanta agus slándála na hIaráine, lena n-áirítear mórchinntí faoi chlár núicléach na hIaráine, a mhúnlú agus a chomhordú.<br><br>Dá bhrí sin, bíonn baint ag Ali Hoseynitash le gníomhaíochtaí diúracán núicléach agus balaistíoch agus tugann sé tacaíocht do rialtas na hIaráine. | 23.6.2008 |

PUBLIC

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 7. | Mostafa Mohammad NAJJAR | Dáta breithe: 2.12.1956<br><br>Áit bhreithe: Tehran, an Iaráin<br><br>Céim: Briogáidire-Ghinearál<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Tá an Briogáidire-Ghinearál Mostafa Najjar ina chomhairleoir sinsearach ag Ceann Fhoireann Ghinearálta na bhFórsaí Armtha maidir leis an Tionscal Eolais agus Teicneolaíochta ó Mheán Fómhair 2013 i leith. Is é iarAire Gnóthaí Baile (2009-2013) agus iarAire na hAireachta Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL) (2005-2009), a bhí freagrach as gach clár míleata, lena n-áirítear cláir na ndiúracán balaistíoch. Comhalta de Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). | 23.6.2008 |
| 9. | Mohammad PAKPUR | Dáta breithe: 1961<br><br>Céim: Briogáidire-Ghinearál<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann | Ceannasaí Fhórsaí Talún Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). | 26.7.2010 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 11. | Hossein SALAMI<br>(حسین سلامی)<br>(ar a dtugtar freisin: Hosein SALIMI; Hussain SALIMI; Hosain SALIMI; Husain SALIMI; Hossein SALIMI; Hossein SALEEMI; Hussain SALEEMI; Husain SALEEMI; Hosein SALEEMI) | Dáta breithe: 1960<br>Áit bhreithe: Isfahan, an Iaráin<br>Feidhm: Ceannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC)<br>Céim: Maor-Ghinearál<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir an phas: D08531177 | Ceannasaí Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). | 26.7.2010 (NA: 23.12.2006) |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 12. | Ali SHAMSHIRI | Feidhm: Leas-Chúntóir le agus Comhairleoir ag an gCeannaire Uachtarach<br>Céim: Briogáidire-Ghinearál<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Is é an Briogáidire-Ghinearál Ali Shamshiri de Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) Leas-Chúntóir le agus Comhairleoir ag an gCeannaire Uachtarach ina cháil mar Cheannasaí. Ina theannta sin, bhí róil shinsearacha aige san Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL), mar Cheann Eagraíocht Cosanta Faisnéise MODAFL. | 23.6.2008 |
| 13. | Ahmad VAHIDI | Dáta breithe: 27.6.1958<br>Áit bhreithe: Shiraz, an Iaráin<br>Céim: Briogáidire-Ghinearál<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Tá an Briogáidire-Ghinearál Ahmad Vahidi ina chomhalta mór le rá de Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) ó 1979. Ceapadh mar Leas-Cheannaire Faisnéise in 1981 é, bhí ról aige in eagrú na hAireachta Faisnéise, b'é a bhí mar chéad cheannasaí ar Quds Force (Fórsa Quds) IRGC in 1988 agus bhí sé i gceannas ar Aonad Faisnéise IRGC. Ina theannta sin, bhunaigh sé roinnt garastún de chuid IRGC atá freagrach as gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a eagrú. In 1997 aistríodh chuig an Aireacht Chosanta é. Ainmníodh mar Aire Cosanta in 2009 é agus bhí sé sa cháil sin go dtí 2013. Is comhalta ardleibhéil de IRGC é fós. | 23.6.2008'; |

PUBLIC

(5) faoin gceannteideal ‘II. Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC)’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal ‘B. Eintitis’:

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘7. | Bonyad Taavon Sepah (ar a dtugtar freisin IRGC Cooperative Foundation; Bonyad-e Ta'avon-Sepah; Sepah Cooperative Foundation) | Seoladh: Niayes Highway, Seoul Street, Tehran, an Iaráin | Bhunaigh Ceannasaithe Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), atá liostaithe ag an Aontas, Bonyad Taavon Sepah, ar a dtugtar freisin IRGC Cooperative Foundation, chun struchtúr a chur ar infheistíochtaí IRGC agus chun iasachtaí airgeadais, morgáistí agus iasachtaí gnó, chomh maith le talún agus ábhar tógála, a chur ar fáil d’fhoireann bhuan IRGC.<br><br>Tá sé á rialú ag IRGC. Tá naoi gcomhalta ar Bhord Iontaobhaithe Bonyad Taavon Sepah, agus is comhaltaí IRGC ochtar díobh. Ar na hoifigigh sin tá Ceannasaí IRGC, atá ina Chathaoirleach ar an mBord Iontaobhaithe, ionadaí an Cheannaire Uachtaraigh ar IRGC, ceannasaí Basij, Ceannasaí Fhórsaí Talún IRGC, Ceannasaí Aerfhórsa IRGC, Ceannasaí Chabhlach IRGC, Ceannasaí Eagraíocht Slándála Faisnéise IRGC, oifigeach sinsearach IRGC ó Fhoireann Ghinearálta na bhFórsaí Armtha, agus oifigeach sinsearach IRGC ón Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL). | 23.5.2011 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 11. | Behnam Sahriyari Trading Company | Seoladh poist: Ziba Building, 10th Floor, Northern Sohrevardi Street, Tehran, an Iaráin | Tá Behnam Sahriyari Trading Company faoi úinéireacht Behnam Sahriyari, ceannaire Quds Force Unit 190 (Aonad Fórsa Quds 190) de Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), a bhíonn i mbun oibríochtaí smuigleála arm. Úsáideann sé a chuideachta mar chuideachta chaoch chun airm IRGC a aistriú. Dá bhrí sin, tá baint ag Behnam Sahriyari Trading Company le seoladh arm thar ceann IRGC. | 23.1.2012'; |

PUBLIC